

16/10/2026

SCÉALTA SCOILE

A Thuismitheoir,

Bhí cúpla lá iontach againn ag ceiliúradh ‘Seachtain na Matamaitice’. Bhí cluichí ar siúl, bhíomar páirteach ar sheisiúin ar line agus bhí ‘Fantasy Football’ chomh maith. Buíochas mór le Múinteoir Kim.

Tá áthas an domhain orainn go bhfuil na cailíní imithe ar aghaidh go dtí an craobh chomh maith anois. Beidh sé ar siúl am éigin i Mí na Samhna agus táimid ar bís faoi. Comhghairdeas le Múinteoir Éamonn, le Múinteoir Eoin agus le Múinteoir Katie. Maith sibh a chailíní.

Lean an Léamhatón Scoile an tseachtain seo. Bhí dúil ag daltaí na scoile seo riamh sa léitheoireacht agus tá an-spéis léirithe acu arís i mbliana. Buíochas mór le Múinteoir Kim.

Táimid ag súil go mór le fáilte a chur roimh Orlaith Cahalane ó fhoireann Chorcaí a bhuaigh craobh na hÉireann sa chamógaíocht i mbliana ar an gCéadaoin seo chugainn. Chuige sin beidh lá dearg agus bán againn. Má bhíonn an scoil dúnta de bharr stailce ar an lá sin tiocfaimid ar shocrú eile.

Beidh cead ag na páistí éadaí Oíche Shamhna a chaitheamh ar an Déardaoin seo chugainn.

Bain taitneamh as an deireadh seachtaine

Niamh Ní Mhaoláin



16/10/2026

SCÉALTA SCOILE

Dear Parents,

We had an action-packed couple of days celebrating 'Maths Week'. We played games, partook in numerous online sessions and of course as usual 'Fantasy Football' was a great success. Thank you to Múinteoir Kim.

Our girls are marching on to a 'Sciath na Scol' final in November. We are very proud of the panel, and we congratulate Múinteoir Éamonn, Múinteoir Eoin agus Múinteoir Katie for their hard work.

Our annual Léamhatón continued this week. Our pupils have always enjoyed this opportunity, and this year isn't any different. Thank you to Múinteoir Kim.

We look forward to welcoming Orlaith Cahalane of the All-Ireland winning Cork Camogie team to our school on Wednesday next. To honour this special occasion, we will don the red and white. In the event that there is a further school closure due to strike action we will endeavour to reschedule.

On Thursday next children may dress in Hallowe'en costume if they wish.

Enjoy the weekend,

Le meas,

Niamh Ní Mhaoláin

